snasTV
NUACHT TG4

# *Kneecap*, aimsir na ngradam

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin scannán *Kneecap* agus scannáin eile atá ainmnithe do ghradaim (*nominated for awards*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| scannán<br>ainmnigh<br>gradam | *nomination*<br>*creativity*<br>*broadcasting* |

1. Cad atá ar eolas agat faoin ngrúpa rapcheoil *Kneecap*?
2. An bhfuil an scannán *Kneecap* feicthe agat? Má tá, cad a cheapann tú den scannán?

   (Féach ar an réamhbhlaiseadh anseo mura bhfuil sé feicthe agat)




3. An gceapann tú gur aisteoir maith í Saoirse Ronan? Cén fáth?
4. An bhfuil na scannáin *The Outrun* agus *Blitz* feicthe agat? Cliceáil ar theideal an scannáin chun an réamhbhlaiseadh a fheiceáil.
5. Má chiallaíonn BAFTA *British Academy of Film and Television Arts*, cad a chiallaíonn IFTA, dar leat?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. clú idirnáisiúnta | *a. how they met* |
| 2. bainte amach | *b. broadcasting* |
| 3. ainmniúchán | *c. shortlist* |
| 4. an dóigh ar casadh ar a chéile iad | *d. nomination* |
| 5. ar éigean | *e. incredible creativity* |
| 6. cruthaíocht dhochreidte | *f. season* |
| 7. craoltóireacht | *g. storytelling* |
| 8. scannánaíocht | *h. international fame* |
| 9. scéalaíocht | *i. barely, hardly* |
| 10. ag faire | *j. watching* |
| 11. ré | *k. cinema (art form)* |
| 12. gearrliosta | *l. accomplished, achieved* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. An dtaitníonn rapcheol leat? An bhfuil cur amach agat ar aon rapálaí faoi leith?

___

3. Cén cineál aisteora é ‘ban-aisteoir’? Cén fáth a bhfuil an fleiscín ann, dar leat?

___

4. Cad is brí leis an réimír ‘dea-‘? Mar shampla: dea-scéala.

___

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) **Cén fáth a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach ag *Kneecap*?** |
| |
| b) **Cad é a bhfuil an scannán faoi?** |
| |
| c) **Cad a deir Móglaí Bap faoin *hip-hop?*** |
| |
| d) **An gá cur amach a bheith ag duine ar an nGaeilge nó ar stair an Tuaiscirt chun taitneamh a bhaint as an scannán, dar le Proinsias Ní Ghráinne?** |
| |
| e) **Molann Proinsias Ní Ghráinne an scannán *Kneecap* go hard na spéire. Conas?** |
| |
| f) **Cén t-ainmniúchán atá faighte ag Saoirse Ronan?** |
| |
| g) **Cad a fhoghlaimeoimid faoin scannán *Kneecap* an tseachtain seo chugainn?** |
| |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Is ____________________ a éisteann daoine le *hip-hop* in Éirinn.
- Tá Saoirse Ronan ainmnithe don* _________________ is fearr. (Leanann séimhiú 'don' sa Chaighdeán Oifigiúil.)
- Níl _____________ na ngradam críochnaithe fós do *Kneecap*.
- Bí _____________ amach an mbeidh *Kneecap* ar an n_____________ do na gradaim Oscar.
- Tá ______________________ ag tarlú go domhanda trí mheán na Gaeilge.
- Tá _________________ _________________ ag an scannán *Kneecap*.
- Is scannán é faoi thriúr rapálaithe agus ____________________________________.
- Is léir gur _________________, _________________ agus _________________ den chéad scoth atá sa scannán *Kneecap*.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na hainmfhocail thíos. Cé acu ceann a bhfuil tréaniolra aige agus cé acu ceann a bhfuil lagiolra aige? Cuir tic leis an iolra cuí.

| | tréaniolra | lagiolra |
|---|---|---|
| **múinteoir**, *m.* (*gs.* **-ora**, *pl.* **~í**). | | |
| **oifigeach**, *m.* (*gs.* & *npl.* **-gigh**, *gpl.* **~**). | | |

b) Mínígí conas a bhí a fhios agaibh cé acu iolra a bhí ag an dá ainmfhocal thuas:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

## 2: Cruinneas gramadaí (na huimhreacha pearsanta)

Ní bhaintear úsáid as na huimhreacha pearsanta ach amháin chun daoine a chomhaireamh. Leanann an tuiseal ginideach iolra na huimhreacha pearsanta. Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal. Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil lagiolra nó tréaniolra ag ainmfhocal, téigh go dtí www.teanglann.ie.

| **Na huimhreacha pearsanta** | **múinteoir** | **oifigeach** | **deirfiúr** | **páiste** | **fear** | **bean*** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 ______ amháin | múinteoir | oifigeach | | | | |
| 2 beirt | m**h**úinteoirí | oifigeach | | | | |
| 3 triúr<br>4 ceathrar<br>5 cúigear<br>6 seisear<br>7 seachtar<br>8 ochtar<br>9 naonúr<br>10 deichniúr | múinteoirí | oifigeach | | | | |

*Is eisceacht é an t-ainmfhocal 'bean'.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Cad é an scannán is fearr leat? Déan do mhachnamh air anois agus déan cur i láthair gearr ar an scannán don rang ansin. Bíodh na pointí thíos mar chuid de do chur i láthair:

- ✓ Teideal an scannáin.
- ✓ An cineál scannáin atá ann: aicsean; scannán grinn; scannán rómánsúil; scéinséir; scannán uafáis; *sci-fi*; scannán fantaisíochta; ceoldráma; scannán buachaillí bó.
- ✓ Achoimre ar an scéal.
- ✓ Na príomhaisteoirí.
- ✓ An chúis a dtaitníonn sé leat.



## 2: Scríobh

Scríobh ríomhphost nó téacs chuig cara leat, ag tathant orthu (*urging them*) féachaint ar an scannán is fearr leat. Beidh ort a rá cén fáth a bhfuil dúil agat sa scannán sin.

## 3. Cad a d’fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d’fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Áine Ní Ghallchóir**
Tá clú idirnáisiúnta bainte amach ag *Kneecap* lena rapcheol i nGaeilge, le blianta beaga anuas. Ach tá a gcéad scannán, dar teideal *Kneecap* fosta, ag fáil gradaim i ndiaidh gradaim agus ainmniúcháin do ghradaim i ndiaidh ainmniúcháin do ghradaim eile.

Tá an scannán, suite in iarthar Bhéal Feirste in 2019, faoin triúr rapálaithe[1]– Móglaí Bap, Mo Chara agus DJ Próvaí – agus an dóigh ar casadh ar a chéile iad.

**Móglaí Bap**
Is ar éigean a éisteann daoine le *hip-hop* na hÉireann, gan trácht ar *hip-hop* na hÉireann i nGaeilge.

**Áine Ní Ghallchóir**
Ainmniúcháin inné do sheacht IFTA[2] déag agus inniu tá siad ainmnithe do shé BAFTA[3].

**Proinsias Ní Ghráinne, Eagarthóir Coimisiúnaithe TG4**
Taispeánann sé go bhfuil cruthaíocht dhochreidte ag tarlú go domhanda trí mheán na Gaeilge. Tá daoine ag glacadh leis, nach dtuigeann Gaeilge, b'fhéidir, nár thuig polaitíocht an Tuaiscirt ach tuigeann siad go bhfuil fuinneamh, go bhfuil cruthaíocht agus go bhfuil dea-chraoltóireacht agus dea-scannánaíocht agus dea-scéalaíocht ar bun anseo ag *Kneecap*.

**Áine Ní Ghallchóir**
Ainmniúcháin d'Éireannach eile ná Saoirse Ronan leis na scannáin *Blitz* agus *The Outrun* agus í ainmnithe sa chatagóir don bhan-aisteoir is fearr sa scannán sin.

Beidh na BAFTAs ar siúl i lár na míosa seo chugainn, dhá lá i ndiaidh na IFTAs. Ach bí ag faire nach é sin deireadh le ré ghradaim *Kneecap* i mbliana, ná tá siad ar an ghearrliosta d'ainmniúcháin do na *Oscars* agus gheobhaidh muid amach ar an tseachtain seo chugainn an bhfuil siad ainmnithe.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Béal Feirste

---

[1] 'rapaire' a dúradh sa mhír
[2] Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (*Irish Film & Television Academy*)
[3] *British Academy of Film and Television Arts*

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

IFTA: Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann
BAFTA: *British Academy of Film and Television Arts*

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *clú idirnáisiúnta* | *international fame* |
| *bainte amach* | *accomplished, achieved* |
| *ainmniúchán* | *nomination* |
| *an dóigh ar casadh ar a chéile iad* | *the way they met each other* |
| *ar éigean* | *barely, hardly* |
| *cruthaíocht dhochreidte* | *incredible creativity* |
| *craoltóireacht* | *broadcasting* |
| *scannánaíocht* | *cinema (art form)* |
| *scéalaíocht* | *story-telling* |
| *ag faire* | *watching* |
| *ré* | *season* |
| *gearrliosta* | *shortlist* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | l | d | a | i | e | b | k | g | j | f | c |

2. Plé gairid ar na téarmaí 'rapcheol' – *rap* agus 'rapálaí' – *rapper*.
3. Ban-aisteoir – *actress*. Tá an fleiscín ann ar mhaithe le soiléire. Gan an fleiscín, bheadh an focal an-chosúil leis an bhfocal 'bainisteoir', mar shampla.
4. Dea- = *good, well*.

## C: TUISCINT

1. Féach an script.

2. Freagraí:
   - Is **ar éigean** a éisteann daoine le *hip-hop* in Éirinn.
   - Tá Saoirse Ronan ainmnithe don **bhan-aisteoir** is fearr.
   - Níl **ré** na ngradam críochnaithe fós do *Kneecap*.
   - Bí **ag faire** amach an mbeidh *Kneecap* ar an n**gearrliosta** do na gradaim Oscar.
   - Tá **cruthaíocht dhochreidte** ag tarlú go domhanda trí mheán na Gaeilge.
   - Tá **clú idirnáisiúnta bainte amach** ag an scannán *Kneecap*.
   - Is scannán é faoi thriúr rapálaithe agus **an dóigh ar casadh ar a chéile iad**.
   - Is léir gur **craoltóireacht**, **scannánaíocht** agus **scéalaíocht** den chéad scoth atá sa scannán *Kneecap*.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí)

a) Freagraí:

| | tréaniolra | lagiolra |
|---|---|---|
| **múinteoir,** *m.* (*gs.* **-ora,** *pl.* **~í**). | x | |
| **oifigeach,** *m.* (*gs. & npl.* **-gigh,** *gpl.* **~**). | | x |

b) Tá tréaniolra ag an ainmfhocal ‘múinteoir’ mar is ionann an t-ainmfhocal san iolra agus sa tuiseal ginideach iolra: na múinteoirí; cruinniú na múinteoirí. Tá sé ‘tréan’ mar ní athraíonn sé.
Tá lagiolra ag an ainmfhocal ‘oifigeach’ mar **nach ionann** an t-ainmfhocal san iolra agus sa tuiseal ginideach iolra: na hoifigigh; cruinniú na n-oifigeach. Úsáidtear an fhoirm chéanna den ainmfhocal a úsáidtear sa tuiseal ainmneach uatha. Tá sé ‘lag’ mar athraíonn an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra.

### 2: Cruinneas gramadaí (na huimhreacha pearsanta)

Freagraí. Tabhair faoi deara nach gcuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann ‘beirt’ dar tús **d**, **s**, **t**:

| **Na huimhreacha pearsanta** | **múinteoir** | **oifigeach** | **deirfiúr** | **páiste** | **fear** | **bean*** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 ______ amháin | múinteoir | oifigeach | deirfiúr | páiste | fear | bean |
| 2 beirt | m**h**úinteoirí | oifigeach | deirfiúracha | pháistí | fhear | bhan |
| 3 triúr<br>4 ceathrar<br>5 cúigear<br>6 seisear<br>7 seachtar<br>8 ochtar<br>9 naonúr<br>10 deichniúr | múinteoirí | oifigeach | deirfiúracha | páistí | fear | ban |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis dóibh machnamh a dhéanamh ar an scannán is fearr leo sula sula ndéanfaidh siad cur i láthair ar an scannán sin don rang. Gríosaigh na foghlaimeoirí eile chun ceisteanna breise a chur ar an té atá ag caint faoina scannán.

### 2: Scríobh

Abair leo ríomhphost nó téacs a scríobh chuig cara leo, ag tathant orthu féachaint ar an scannán is ansa leo.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta